Ceart Vótála

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcéad uair a tugadh an vóta do mhná in Éirinn. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- an tAcht um Ionadaíocht an Phobail
- ag éileamh vóta
- lárionad chumhacht na Breataine
- Bille Rialtas Dúchais
- leac chuimhneacháin
- i bhfianaise
- gluaiseacht sufraigéide
- cothrom an lae
- céim mhór chun tosaigh
- daonlathas

Ceist 2 Féach ar an mír den chéad uair agus déan cur síos don duine in aice leat ar ábhar na míre. Bain úsáid as gach focal ó cheist 1 thuas agus an cur síos á dhéanamh agat.

Ceist 3 Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas faoin gcomóradh atá ar siúl i mBaile Átha Cliath:

Micheline Sheehy Skeffington
Mairéad Ní Bhreitheamh
Ivana Bacik
Micheál Mac Donncha

Ceist 4 Féach ar chuid de script na míre thíos. Scríobh isteach gach séimhiú atá in easnamh inti. Bí cúramach! Tá cúig shéimhiú dhéag fágtha ar lár.

Eimear Ní Chonaola
Céad bliain sa lá inniu a tugadh cead vótála den céad uair do mná sa Riocht Aontaithe agus in Éirinn. Faoin Acht um Ionadaíocht an Pobail, tugadh cead vótála do mná os cionn tríocha bliain a raibh maoin acu; agus do chuile fear os cionn bliain is fiche. Bhí blianta fada caite roimhe sin ag mná ag éileamh vóta.

Peadar Mac Gaoithín
Luath ar maidin, an tríú lá déag de Meitheamh 1912, bris Hanna Sheehy Skeffington fuinneoga i gCaisleán Baile Átha Cliath, lárionad cumhacht na Breataine in Éirinn, le mísástacht a léiriú nach raibh cead vótála do mná mar cuid den Bille Rialtas Dúchais. Gabhadh agus cuireadh isteach i bPríosún Muinseo í, áit a ndeachaigh sí ar stailc ocrais. Rinne a gariníon Micheline Sheehy Skeffington athléiriú ar an eachtra inniu, tráth ar nochtadh leac cuimhneacháin ina honóir fosta.

Ceist 5 Seo cuid de na huimhreacha ar fad a luadh sa mhír.

A. Scríobh amach i nGaeilge na cinn thíos:

100 years _____
30 years _____
21 years _____
the first time _____
this day a 100 years ago _____

B. Scríobh amach na dátaí thíos i bhfocail.

13/06/1912 [dáta/mí/bliain] _____
11/1918 [mí/bliain] _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An bhfuil cothroime inscne bainte amach againn anseo in Éirinn, dar leat?
2. Cé hiad na mná is tábhachtaí i stair na hÉireann, dar leat?
3. Cad a cheapann tú faoin ngluaiseacht #MeToo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

an tAcht um Ionadaíocht an Phobail – *the Representation of the People Act*
ag éileamh vóta – *demanding a vote*
lárionad chumhacht na Breataine – *British centre of power*
Bille Rialtas Dúchais – *Home Rule Bille*
leac chuimhneacháin – *memorial plaque*
i bhfianaise – *in view of*
gluaiseacht sufraigéide – *the suffragette movement*
cothrom an lae – *anniversary, same day as*
céim mhór chun tosaigh – *great step forward*
daonlathas – *democracy*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an méid a d'éirigh leo a thabhairt leo tar éis na chéad éisteachta.

Ceist 3

Féach an script. Iarr ar na foghlaimeoirí an méid a dúirt na cainteoirí a rá ina bhfocail féin.

Ceist 4

Eimear Ní Chonaola

Céad bliain sa lá inniu a tugadh cead vótála den c**h**éad uair do m**h**ná sa Riocht Aontaithe agus in Éirinn. Faoin Acht um Ionadaíocht an P**h**obail, tugadh cead vótála do m**h**ná os cionn tríocha bliain a raibh maoin acu; agus do chuile f**h**ear os cionn bliain is fiche. Bhí blianta fada caite roimhe sin ag mná ag éileamh vóta.

Peadar Mac Gaoithín

Luath ar maidin, an tríú lá déag de M**h**eitheamh 1912, b**h**ris Hanna Sheehy Skeffington fuinneoga i gCaisleán B**h**aile Átha Cliath, lárionad c**h**umhacht na Breataine in Éirinn, le mís**h**ástacht a léiriú nach raibh cead vótála do m**h**ná mar c**h**uid den B**h**ille Rialtas Dúchais. Gabhadh agus cuireadh isteach i bPríosún M**h**uinseo í, áit a ndeachaigh sí ar stailc ocrais. Rinne a gariníon Micheline Sheehy Skeffington athléiriú ar an eachtra inniu, tráth ar nochtadh leac c**h**uimhneacháin ina honóir fosta.

Ceist 5

A.

100 years – *céad bliain*
30 years – *tríocha bliain*
21 years – *bliain is fiche, aon bhliain is fiche*
the first time – *an chéad uair*
this day a 100 years ago – *cothrom an lae seo céad bliain ó shin*

B.

13/06/1912 [dáta/mí/bliain] – *an tríú lá déag de mhí an Mheithimh, míle, naoi gcéad a dó dhéag*
11/1918 [mí/bliain] – *Mí na Samhna, míle, naoi gcéad a ocht déag*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Céad bliain sa lá inniu, a tugadh cead vótála den chéad uair do mhná sa Riocht Aontaithe agus in Éirinn. Faoin Acht um Ionadaíocht an Phobail, tugadh cead vótála do mhná os cionn tríocha bliain a raibh maoin acu; agus do chuile[1] fhear os cionn bliain is fiche. Bhí blianta fada caite roimhe sin ag mná ag éileamh vóta.

Peadar Mac Gaoithín
Luath ar maidin, an tríú lá déag de Mheitheamh 1912, bhris Hanna Sheehy Skeffington fuinneoga i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, lárionad chumhacht na Breataine in Éirinn, le míshástacht a léiriú nach raibh cead vótála do mhná mar chuid den Bhille Rialtas Dúchais. Gabhadh agus cuireadh isteach i bPríosún Mhuinseo í, áit a ndeachaigh sí ar stailc ocrais. Rinne a gariníon Micheline Sheehy Skeffington athléiriú ar an eachtra inniu, tráth ar nochtadh[2] leac chuimhneacháin ina honóir fosta.

Micheline Sheehy Skeffington, gariníon le Hanna Sheehy Skeffington
Sin é an chéad uair atá[3] leac mar sin curtha suas chun comóradh gníomh a rinne na sufraigéidí. Tá mé an-bhródúil as[4] mo sheanmháthair.

Mairéad Ní Bhreitheamh, Gaillimh
Bhí mé ar scoil, san ardscoil, san ollscoil. Níor chuala mé tada[5] mar gheall uirthi. An bhean a fuair an vóta dúinn. Nach iontach an rud é? Agus, tá an-áthas orm a bheith anseo inniu.

An Seanadóir Ivana Bacik, Cathaoirleach 'Vótáil 100'
An bhliain seo, táimid ag comóradh[6] i dTithe an Oireachtais, le 'Vótáil 100', 'Vótáil Céad' agus tá se an-tábhachtach.

Peadar Mac Gaoithín
I bhfianaise feachtas mór um ghluaiseacht sufraigéide, cothrom an lae seo céad bliain ó shin, ritheadh an tAcht um Ionadaíocht an Phobail, a thug cead vótála in olltoghchán den chéad uair do mhná a bhí os cionn tríocha bliain d'aois agus a raibh maoin acu. Rinneadh Hanna Sheehy Skeffington a chomóradh i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath chomh maith.

An Comhairleoir Micheál Mac Donncha, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath
Chomh maith leis sin, tugadh an cead vótála do i bhfad níos mó, an chuid is mó d'fhir, i ndáiríre thar 21, *so* céim mhór chun tosaigh don daonlathas a bhí ann, ach go háirithe don daonlathas in Éirinn.

Peadar Mac Gaoithín
Ba í an Chuntaois Markievicz an chéad bhean a toghadh do Pharlaimint Westminster i Mí na Samhna 1918, cé nár ghlac sí leis an suíochán.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

[1] gach uile an leagan caighdeánach
[2] *nochtaíodh* a dúradh
[3] *a bhfuil* a dúradh
[4] *faoi* a dúradh
[5] *dada* an leagan caighdeánach
[6] *Ag déanamh comóraidh* a dúradh